



Stiúrthóir Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin

Cur Síos Poist agus Nótaí Ginearálta

1. Intreoir

Tá an comórtas seo ann chun Stiúrthóir a cheapadh le haghaidh Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin. Tuairisceoidh an Stiúrthóir chuig Coiste Bainistíochta Ionad Oideachais Mhuineacháin. Beidh sé /sí ar iasacht, faoi réir cheadú an Aire, faoi Rialacháin 2017 na nIonad Tacaíochta Oideachais (Ceapachán agus Iasacht Stiúrthóirí) (Aguisín A) mar Stiúrthóir Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin ar feadh scoilbhliain amháin agus ansin athnuachan ann gach bliain a thugann foráil do thréimhse ar iasacht nach mó ná 5 scoilbhliana.

Tá an fhreagracht ar Ionad Oideachais Mhuineacháin straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) in Oideachas Múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna i scoilcheantar agus i réigiún an Ionaid Oideachais.

Ní mór don Ionad freisin freagairt do thosaíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta maidir le forbairt ghairmiúil múinteoirí.

2. Ról an Stiúrthóra

Tabharfaidh an Stiúrthóir comhairle agus tacaíocht don Choiste Bainistíochta maidir le tosaíochtaí a shocrú chun clár oibre don Ionad a fhorbairt agus a bhainistiú.

Tá an Stiúrthóir freagrach as oibríochtaí ginearálta an Ionaid lena n-áirítear rialú, pleanáil straitéiseach, airgeadas agus acmhainní daonna agus is é a thugann cuntas don Choiste Bainistíochta sna gnóthaí sin go léir. Bíonn an Stiúrthóir freagrach freisin as socruithe éifeachtacha oibre a fhorbairt le seirbhísí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Is ball é an Stiúrthóir de Choiste Bainistíochta an Ionaid Oideachais de bhrí oifige (*ex officio*).

Áirítear i measc na ndualgas

- pleanáil chun riachtanais pobail scoileanna áitiúla a shainaithint agus straitéisí freagartha oiriúnacha a cheapadh, lena n-áirítear cláir forbartha agus oiliúna a dhearadh agus a sholáthar i gcomhair múinteoirí agus an phobail scoile trí chéile ag leibhéal áitiúil
- socruithe a chur i bhfeidhm chun rialachas éifeachtach a chinntiú san Ionad, lena n-áirítear socruithe éifeachtacha bainistíocht airgeadais agus buiséadúcháin, cur i bhfeidhm rialacháin chúí airgeadais agus socruithe cuí iniúchta, a chinntiú go gcloítear le beartais luach ar airgead agus le riachtanais reachtúla eile agus le riachtanais eile na hearnála poiblí
- pleanáil le haghaidh thodhchaí an Ionaid trí ráitis straitéise agus pleananna gnó a chur ar fáil ina mbeidh príomhtháscairí feidhmiúcháin a thacaíonn le riachtanais áitiúla agus le tosaíochtaí náisiúnta
- cloí leis na spriocanna a leagtar síos ag Coiste Bainistíochta an Ionaid chun tacú le hoiliúint agus le forbairt múinteoirí agus an scoilphobail trí chéile chun na tosaíochtaí a bhaint amach a shonraítear ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta
- tacú le scoileanna sa phobal chun cleachtas éifeachtach a fhorbairt i dtaca le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí
- straitéisí a cheapadh chun dea-chaidreamh a chothú le scoileanna agus lena gcuid comhphobal faoi seach
- socruithe éifeachtacha comhpháirtíochta agus comhairliúcháin a fhorbairt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun oibríocht éifeachtach an Ionaid a chinntiú agus chun cláir FGL náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- obair a dhéanamh i gcomhar le seirbhísí agus le heagraíochtaí eile chun deiseanna ar fhorbairt ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus baill eile den scoilphobal
- comhoibriú, líonrú agus oibriú i gcomhpháirt le grúpaí iomchuí eile m.sh. an Chomhairle Mhúinteoireachta, Coláistí Oideachais, Ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal eile, Líonraí Gairmiúla Múinteoirí / Pobail Foghlama, CNCM agus áisíneachtaí seachtracha eile, mar is cuí.
- ról an Ionaid a chur chun cinn mar áis a sholáthraíonn tacaíocht oideachais don chomhphobal áitiúil scoile / oideachais
- comhairle a chur ar an gCoiste Bainistíochta agus tuairisciú dóibh faoi gach gné d'oibríochtaí an Ionaid
- feidhmiú mar Rúnaí don Choiste Bainistíochta
- cruinnithe foirne a stiúradh ina n-aithnítear agus ina dtugtar aghaidh ar riachtanais forbairt ghairmiúil na foirne
- a chinntiú go cloítear le riachtanais tuairiscithe na Roinne Oideachais agus Scileanna
- foireann an Ionaid a bhainistiú
- a leithéidí eile feidhmeanna a chur i gcrích (más ann dóibh) faoi mar a d'fheadfadh coiste bainistíochta an Ionaid a shocrú ó am go ham.

3. An réimse eolais, taithí agus scileanna a theastaíonn

Beidh réimse inniúlachtaí agus scileanna ag an iarrthóir is fearr chun tacú leis an ról, go háirithe na nithe seo:

- scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus eagrúcháin den scoth agus cuntas teiste cruthaithe ó thaobh na ceannaireachta agus na nuálaíochta de
- scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth
- réimse leathan taithí múinteoireachta mar aon le tuiscint an-mhaith ar oibríocht scoileanna agus ar an reachtaíocht ábhartha
- eolas cuimsitheach ar an gcuraclam ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile
- eolas cuimsitheach ar sholáthar FGL a bhaineann le tosaíochtaí náisiúnta FGL atá bainteach le tosaíochtaí náisiúnta i gcomhair múinteoirí agus ceannairí scoile i suíomhanna éagsúla: seimineáir náisiúnta, ceardlanna tráthnóna, tacaíocht scoilbhunaithe, cnuaschruinnithe éascaithe agus tacaíocht ar líne ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon
- an cumas chun díograis a chruthú, chun daoine a spreagadh agus chun a bheith nuálach
- fíís shoiléir ar an ról atá ag Ionad Oideachais ag Líonra na nIonad Oideachais agus ar an obair a dhéanann siad
- scileanna pleanála agus comhordaithe den chéad scoth, lena n-áirítear eolas agus taithí ar bhailiú sonraí, buiséadú, tuairisciú airgeadais, scríobh tuairiscí, pleanáil ghnó srl.
- tuiscint ar an gcreat rialachas corparáideach ina bhfeidhmíonn eagraíochtaí poiblí
- cumas cruthaithe chun obair a dhéanamh go neamhspleách agus mar bhall d'fhoireann
- scileanna TFC den chéad scoth agus an cumas chun glacadh éifeachtúil leis an TFC a bhainistiú agus a chur chun cinn mar acmhainn teagaisc agus foghlama
- solúbthacht chun riachtanais an Ionaid a chomhlíonadh, lena n-áirítear a bheith toilteanach taisteal agus / nó obair oíche agus dheireadh seachtaine a dhéanamh de réir mar is gá

Beidh ar an iarrthóir rathúil a gcóir iompair féin a bheith acu agus ceadúnas iomlán tiomána a bheith acu agus ina seilbh. Beidh rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí i bhfeidhm.

Tá sé inmhianaithe iarrthóirí a bheith inniúil ar oibriú trí Ghaeilge agus a bheith sásta é sin a dhéanamh.

4. Iomaíocht

Bunriachtanais

1. Ní mór do gach iarrthóir:

- a bheith ina mhúinteoir/múinteoir láncháilithe bunscoile nó iar-bhunscoile a bhfuil post faofa teagaisc acu i mbunscoil nó in iar-bhunscoil aitheanta don bhliain ina bhfuil siad ag cur isteach ar cheapachán mar Stiúrthóir (agus a bheith ina múinteoir nach bhfuil a gclárú faoi Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001 ag brath ar choinníollacha) agus na nithe seo a bheith acu -

(i) fad nach lú ná 12 mhí fostaíochta lena bhfostaí reatha, sa phost sin nó ar iasacht, ar dháta a gceaptha i bpost an Stiúrthóra,

agus

(ii) fad nach lú ná cúig bliana de thaithí chomhiomlán mar mhúinteoir i mbunscoil nó in iar-bhunscoil aitheanta sa Stát;

NÓ

- duine atá fostaithe i láthair na huaire mar Chigire sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ba cheart d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a thabhairt dá n-aire freisin:

Tá an ceapachán faoi réir cheadú an Aire Oideachais agus Scileanna faoi Rialacháin 2017 na nIonad Tacaíochta Oideachais (Ceapachán agus Iasacht Stiúrthóirí) Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go mbaineann na nithe seo a leanas leis an gceapachán mar Stiúrthóir ar Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin;

- Ceapfar Stiúrthóir ar feadh scoilbhliain amháin ach athbhreithniú bliantúil a bheith ann agus foráil ann i gcomhar tréimhse iasachta nach mó ná 5 scoilbhliain
- Sa chás go raibh duine ar iasacht, mar Stiúrthóir nó eile, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh ceapacháin mar Stiúrthóir ach amháin nuair a bhíonn tréimhse a seirbhíse ar scoil ina dhiaidh sin cothrom le, nó níos mó ná, an tréimhse ama a bhí siad ar iasacht roimh an tseirbhís sin.
- I dtaca le haon ríomh a dhéantar chun teidlíocht a chinneadh le haghaidh ceapacháin, cuirfear am ar aon socrú iasachta san áireamh freisin.
- Áireofar cuid de bhliain scoile a chaitheann duine mar Stiúrthóir ina bliain iomlán i gcomhair aon ríomha a dhéantar don phost mar Stiúrthóir
- Ní cheapfar aon duine mar Stiúrthóir i gcas go mairfeadh téarma an Stiúrthóra níos fada ná deireadh fostaíocht Stiúrthóra le bunscoil nó le hiar-bhunscoil aitheanta nó leis an gCigireacht. Ní bheidh fad tréimhse iasachta níos fada ná an aois scoir éigeantach.
- Tá an ceapachán faoi réir imréiteach Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
- Is féidir múinteoir a fhóstu ar iasacht faoi mar a leagtar amach thuas faoi réir uasmhéid iomlán asláithreachta de 10 mbliana ar iasacht le linn a ngairme proifisiúnta.

Ní féidir tairiscint chinntitheach cheapacháin a thabhairt sula dtabharfaidh an tAire ceadú don cheapachán.

Tá iasacht duine faoi réir fhorghéas údarás / Bhoird Bhainistíochta na scoile.

Tosóidh an ceapachán chomh luath agus is féidir tar éis 1 Feabhra 2018.

Agus iarrthóirí le haghaidh ceapacháin faoin gcomórtas seo á meas, féadfar aird a thabhairt ar fhad an chonartha a d'fhéadfaí a thairiscint d'iarrthóir.

Ní mór teist sláinte, saoire tinnis agus obair ghinearálta a bheith sásúil

Éileofar ar an iarrthóir a n-éiríonn leis oibriú don Ionad Oideachais amháin agus ní fhéadfaidh sé/sí tabhairt faoi fhostaíocht eile le linn thréimhse a chonartha gan an formheas cuí.

Beidh ar an iarrthóir rathúil conradh iasachta a shíniú.

Beidh an próiseas a bhfuil breac-chuntas air thuas i bhfeidhm, mutatis mutandis, i gcomhair bhaill Chigireacht na Roinne.

I gcomhar leis an Roinn, forchoimeádan an Coiste Bainistíochta aige féin an ceart chun an post a athfhógairt sa chás go measann sé go bhfuil líon neamhleor iarrthóirí incháilithe ann. Cuirfear an méid sin in iúl d'iarrthóirí incháilithe agus tabharfar an rogha dóibh a n-iarratas a fhágáil ar comhad leis an Ionad.

Tá an ceapachán faoi réir moltóirí sásúla

5. Ceapachán agus Luach Saothair

Déanfar tairiscint cheapacháin faoi Rialacháin 2017 na nIonad Tacaíochta Oideachais (Ceapachán agus Iasacht Stiúrthóirí) sa chás go meastar go bhfuil iarrthóir oiriúnach amháin ar a laghad ann don bpost. Ní mór don iarratasóir rathúil an conradh le haghaidh an phoist a shíniú sula dtabharfaidh siad faoin bpost agus, sa chás nach síníonn an t-iarrthóir an conradh laistigh de thréimhse 14 lá, measfar nach bhfuil spéis acu a thuilleadh sa phost agus tairgfear an post don chéad iarratasóir is oiriúnaí eile ar an bpainéal.

Sa chás gur múinteoir reatha nó múinteoir atá ar iasacht faoi láthair é an t-iarrthóir rathúil, coinneoidh siad a dtuarastal múinteora atá ann cheana i dteannta liúntais is comhionann leis an 10ú pointe ar scála liúntais an phríomhoide iar-bhunscoile. Más rud é go bhfuil pointe os cionn an 10ú pointe de liúntas an phríomhoide iar-bhunscoile á fháil ag iarrthóir cheana féin, ba cheart dóibh a thabhairt faoi deara nach dtabharfaí cead dóibh é sin a choinneáil i gcáil phearsanta ar a gceapachán.

Más státseirbhíseach ar seirbhís é an t-iarrthóir rathúil, ní bheidh aon liúntas iasachta iníoctha.

Ní mór d'iarrthóir rathúil bheith ar fáil chun an post a thosú ar an dáta a chinneann an Coiste Bainistíochta. Tá sé faoin iarrthóir rathúil comhaontú a n-údaráis scoile/a mBoird Bhainistíochta nó fostóra eile a fháil le go scaoilfear saor iad chun an post a thosú.

6. Nós Imeachta Roghnúcháin

Ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais chuí atá ar fáil ó www.metc.ie. Ba cheart foirmeacha iarratais a sheoladh isteach trí ríomhphost chuig recruitment@metc.ie faoi Dé hAoine 12 Eanáir 2018 ar 3.00 pm. Ní chuirfear san áireamh iarratais a fhaightear tar éis an spriocdháta sin. Ní bhreithneofar ach oiread foirm iarratais neamhiomlán. **Ní ghlacfar le cóip chrua d'iarratais.** Tarlóidh dícháiliú de bharr eolas nó dearbhuithe a bhíonn míthreorach nó bréagach agus beidh an t-iarratasóir neamh-incháilithe le haghaidh ceapacháin. Tabharfar admháil ar fhoirmeacha iarratais a fhaightear atá comhlánaithe.

Bunófar coiste roghnúcháin le haghaidh an phoist. Is é a bheidh ar an gcoiste roghnúcháin ainmnithe Choiste Bainistíochta an Ionaid Oideachais agus ainmnithe na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá dualgas ar na hiarrthóirí go léir a bheidh ar fáil ar na dátaí a shonraítear sa chás go dtugtar cuireadh dóibh freastal ar agallamh agus gach socrú riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaighidh siad teachtaireachtaí a sheoltar chucu ag an seoladh a shonraítear ar a bhfoirm iarratais. Beidh na hiarrthóirí freagrach as gach costas a thabhaítear maidir lena n-iarratas agus lena n-agallamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire gur féidir go ndéanfar gearrliostú. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad i gcás canbhásála nó stocaireacht dhíreach nó indéach.

Táthar ag súil go mbeidh na hagallaimh don phost ann ar an tseachtain dar tús Dé Luain, 22 Eanáir 2018.

7. Agallamh

Déanfar an t-iarrthóir rathúil a roghnú trí phróiseas agallaimh struchtúrtha a bhunófar ar phríomhinniúlachtaí agus ar láithreoireacht ghearr.

Áireofar leis na hinniúlachtaí:

Ceannaireacht (fís, scileanna tionchair, cumas neartú foirne, cumarsáid)

Scileanna Réasúnaíochta / Breithiúnas (smaointeoireacht anailíseach, smaointeoireacht choincheapúil, cinnteoireacht)

Eolas (tuiscint ar shaincheisteanna reatha an chórais oideachais, eolas ar oideachas múinteoirí, ar Líonra na nIonad Oideachais agus ar an Earnáil Oideachais trí chéile)

Bainistíocht (buiséadú agus cuntasacht airgeadais, riarachán laistigh den chomhthéacs scoile agus lasmuigh de, acmhainní, foireann)

Pleanáil/Eagrúchán Oibre (tosaíochtaí agus spriocanna a shocrú, monatóireacht agus scileanna rialúcháin)

Ba cheart d'iarrthóirí a oiriúnaí atá siad a mheas de réir na taithí atá acu (taithí ghairme agus eile) go dtí seo agus na scileanna/na n-ábaltachtaí atá acu. Iarrfar orthu samplaí den taithí a bhíonn acu a chur ar fáil faoi gach inniúlacht lena n-oiriúnacht don phost a léiriú.

Éileofar ar gach iarrthóir láithreoireacht ghearr a dhéanamh, a bheidh cúig nóiméad ar fad ar a mhéad, bunaithe ar an bhfís atá acu d'Ionad Oideachais Mhuineacháin. Ní cheadófar úsáid a bhaint as áiseanna teicniúla de chineál ar bith.